FÓGRA SUÍMH

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

SITE NOTICE

## FOIRM AN FHÓGRA I DTAOBH ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH FAOI ALT 76 D'ACHT NA DTITHE, 1966 AGUS AN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE HALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2), 1960, LE FOILSIÚ DE RÉIR AIRTEAGAL 4(A) DEN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LE HACHT NA DTITHE, 1966, ARNA LEASÚ LEIS AN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

## TALAMH A FHÁIL GO HÉIGEANTACH

## ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE (BONNEAGAR FISICIÚIL, SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA AGUS ATHRÚ AERÁIDE), (UIMH. 2), 2024

## TIONSCADAL GHLASBHEALACH CHONAMARA, CÉIM 1- AN CLOCHÁN GO HUACHTAR ARD, CONTAE NA GAILLIMHE.

Tá ordú déanta ag **Comhairle Chontae na Gaillimhe** (dá ngairtear "an t-údarás áitiúil" anseo feasta), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 76 d'Acht na dTithe, 1966 agus an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, arna leathnú le halt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 1960, arna ionadú le halt 86 d'Acht na dTithe, 1966, arna leasú le halt 6 d'Acht na mBóithre, 1993 agus an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, agus arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, a bhfuil an teideal sin thuas air agus atá le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena dhaingniú.

Má dhaingnítear é, údarófar leis an ordú don údarás áitiúil an talamh a thuairiscítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis seo a fháil go héigeantach chun Tionscadal Ghlasbhealach Chonamara - An Clochán go hUachtar Ard agus na hoibreacha coimhdeacha agus iarmhartacha go léir a fhoirgniú lena n-áirítear struchtúir, dromhchla bóthair, marcálacha bóthair, oibreacha rochtana agus cóiríochta, agus oibreacha gaolmhara eile, a sholáthar sna bailte fearainn seo a leanas

- ID: 63415 Ainm (Gaeilge): Na Monga Ainm (Béarla): Munga
- ID: 61946 Ainm (Gaeilge): Imleach Mór Ainm (Béarla): Emlaghmore
- ID: 60143 Ainm (Gaeilge): Atraí Ainm (Béarla): Athry
- ID: 62120 Ainm (Gaeilge): An Gharmain Ainm (Béarla): Garroman
- ID: 63165 Ainm (Gaeilge): Lios Uachtair Ainm (Béarla): Lissoughter
- ID: 60714 Ainm (Gaeilge): An Chathair Ainm (Béarla): Caher

Gheobhaidh úinéirí, léasaithe agus áititheoirí na talún a thuairiscítear sa Sceideal fógra scríofa aonair.

Ní fhéadfaidh an Bord –

(a) ordú ceannaigh éigeantaigh a dhaingniú i leith na talún má dhéanann úinéir, léasaí nó áititheoir na talún agóid i leith na fála, agus nach dtarraingeofar siar í,

(b) ordú a dhaingniú lena n-údaraítear ceart slí poiblí a mhúchadh má dhéantar agóid i gcoinne an mhúchta, agus nach dtarraingeofar siar í,

go dtí go gcuirfidh sé faoi deara éisteacht ó bhéal a thionól maidir leis an ní agus go dtí go ndéanfaidh sé an agóid agus an tuarascáil ón duine a thionóil an éisteacht ó bhéal a bhreithniú.

Is féidir cóip den Ordú agus de na Sceidil a ghabhann leis an Ordú agus de na léarscáileanna dá dtagraítear ann a iniúchadh ag na hionaid seo a leanas ar laethanta oibre idir 9.30am agus 4.00pm ón **Déardaoin an 18 Iúil 2024 go dtí an Déardaoin an 30 Lúnasa 2024 go huile (gan laethanta saoire poiblí a áireamh):**

**Ag**

- Oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Halla an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91H6KX
- Oifigí Thionscadal Bóithre Náisiúnta na Gaillimhe, Teach Corparáideach, Páirc Gnó Oirthear na Cathrach, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh, H91 KT67
- Oifig Ceantair an Chlocháin, Sráid an Mhargaidh, an Clochán, Co. na Gaillimhe H71 Y892
- https://www.galway.ie/ga/seirbhisi/boithre/cnaughlabhealach/

**Arna dhátú: Déardaoin 18 Iúil 2024**

**Liadhan Keady,**
**Rúnaí Contae Gníomhach,**
**Comhairle Chontae na Gaillimhe.**

## FORM OF NOTICE OF A COMPULSORY PURCHASE ORDER UNDER SECTION 76 OF AND THE THIRD SCHEDULE TO THE HOUSING ACT, 1966, AS EXTENDED BY SECTION 10 OF THE LOCAL GOVERNMENT (NO 2) ACT, 1960, TO BE PUBLISHED IN ACCORDANCE WITH ARTICLE 4(A) OF THE THIRD SCHEDULE TO THE HOUSING ACT 1966 AS AMENDED BY THE PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000

## COMPULSORY ACQUISITION OF LAND

## GALWAY COUNTY COUNCIL COMPULSORY PURCHASE ORDER (NO. 2) 2024 (PHYSICAL INFRASTRUCTURE, FIRE AND EMERGENCY SERVICES AND CLIMATE CHANGE)

## CONNEMARA GREENWAY PROJECT PHASE 1- CLIFDEN TO OUGHTERARD, COUNTY GALWAY.

**Galway County Council** (hereinafter referred to as "the local authority") in exercise of the powers conferred upon them by section 76 of the Housing Act, 1966, and the Third Schedule thereto, as extended by section 10 of the Local Government (No. 2) Act, 1960 as substituted by section 86 of the Housing Act, 1966 as amended by section 6 and the Second Schedule to the Roads Act, 1993 and as amended by the Planning and Development Act, 2000, has made an order entitled as above which is about to be submitted to An Bord Pleanála for confirmation.

If confirmed, the order will authorise the local authority to acquire compulsorily the land described in the First Schedule hereto for the purposes of the construction of the Connemara Greenway Project - Clifden to Oughterard and all ancillary and consequential works including the provision of structures, road pavement, road markings, access and accommodation works, and other ancillary works, in the townlands of

- ID: 63415 Name (Irish): Na Monga Name (English): Munga
- ID: 61946 Name (Irish): Imleach Mór Name (English): Emlaghmore
- ID: 60143 Name (Irish): Atraí Name (English): Athry
- ID: 62120 Name (Irish): An Gharmain Name (English): Garroman
- ID: 63165 Name (Irish): Lios Uachtair Name (English): Lissoughter
- ID: 60714 Name (Irish): An Chathair Name (English): Caher

Owners, lessees and occupiers of the land described in the Schedule will receive individual written notice

The Board cannot confirm –

(a) a compulsory purchase order in respect of the land if an objection is made in respect of the acquisition by an owner, lessee or occupier of the land, and is not withdrawn,

(b) an order which authorises the extinguishment of a public right of way if there is an objection to the extinguishment, which is not withdrawn,

until it has caused to be held an oral hearing into the matter and until it has considered the objection and the report of the person who held the oral hearing.

A copy of the Order and of the Schedules thereto and of the maps referred to in it may be inspected at the following locations on working days between the hours of 9.30am and 4.00pm from **Thursday 18th July 2024 to Thursday 30th August 2024 inclusive (excluding public holidays):**

**At**

- The offices of Galway County Council, County Hall, Prospect Hill, Galway, H91H6KX
- The offices of Galway National Roads Project Office, Corporate House, Ballybrit Business Park, Ballybrit, Galway, H91KT67
- The Clifden Area Office, Market Street Clifden, Co. Galway H71 Y892
- https://www.galway.ie/en/services/roads/c2ogreenway/

**Dated this: Thursday 18th July 2024**

**Liadhan Keady,**
**Acting County Secretary,**
**Galway County Council.**

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo

*L. Keady Runai Contae Gníomhach*